**TORTHAÍ NA BLIANA 2014 FÓGARTHA AG ESB**

**BEAGNACH €1.5 BHILLIÚN i nDÍBHINNÍ IOMLÁNA ÍOCTHA LE STÁTCHISTE NA hÉIREANN LE DEICH mBLIANA ANUAS**

**Buaicphointí:**

- Brabús Oibriúcháin - €552 mhilliún (laghdú €132 mhilliún ar 2013, gan míreanna eisceachtúla san áireamh)
- Infheistíocht Chaipitiúil - €960 milliún (ardú €135 mhilliún ar 2013)
- Díbhinní - €318 milliún (lena n-áirítear díbhinní speisialta ar fiú €260 milliún iad)
- Coigilteas ar Chostais Oibriúcháin - €270 milliún i gcoigilteas bliantúil athfhillteach bainte amach ó 2010.

**Brabúsacht**

D'fhoilsigh ESB a Thuarascáil Bhliantúil agus a ráitis airgeadais don bhliain 2014, inar tuairiscíodh brabús €552 mhilliún gan míreanna eisceachtúla san áireamh. Sin laghdú €132 mhilliún ar 2013. Seo a leanas na cúiseanna leis an laghdú ar an mbrabús:

- Praghsanna mórdhíola leictreachais níos ísle mar gheall ar phraghsanna gáis níos ísle den chuid is mó (€113 mhilliún),
- Costais shuntasacha deisiúcháin a bhain le stoirmeacha a tabhaíodh sa chéad leath den bhliain (€25 mhilliún), agus
- An tionchar ar infhaighteacht gléasra a bhaineann le cothabháil riachtanach agus obair dheisiúcháin ina ghléasra gualbhreoslaithe Moneypoint (€15 mhilliún)

Tá tionchar na bhfachtóirí sin á fhritháireamh i bpáirt ag coigilteas costais agus feabhsuithe i sruthanna ioncaim eile (€20 mhilliún).

Ag labhairt ar na torthaí, dúirt Príomhfheidhmeannach ESB Pat O'Doherty, "I bhfianaise roinnt dúshlán in 2014, léiríonn na torthaí sin feidhmíocht láidir ar fud an Ghrúpa. Leanann ESB le fiúntas a sheachadadh dá chustaiméirí, dá scairshealbhóirí, agus do gheilleagar na hÉireann, fad a choinnítear neart airgeadais agus rátáil chreidmheasa.

Tá coigilteas suntasach athfhillte á sheachadadh ag an gclár feabhsaithe feidhmíochta a thosaigh ESB in 2010 ar fud an ghnó agus chabhraigh sin leis an tionchar a bhí ag corrlaigh ísle ar an ngnó giniúna a fhritháireamh."

B'ionann an brabús i ndiaidh cánach agus €215 mhilliún, laghdú €295 mhilliún ar 2013. Léiríonn sé sin an brabús oibriúcháin níos ísle atá leagtha amach thuas, chomh maith le marcáil dhiúltach ón margadh maidir le malartuithe rátaí úis atá nasctha le boilsciú ar fiú €245 milliún iad. Is mír neamhairgid é a léiríonn an timpeallacht ráta úis íseal atá sa Ríocht Aontaithe faoi láthair.[1]

**Scairshealbhóirí**

Tháinig deireadh leis an gclár díbhinne speisialta €400 milliún a comhaontaíodh leis an Rialtas in 2012 leis an íocaíocht díbhinne €214 mhilliún i mí Eanáir 2015. Ciallaíonn sin gur beagnach €1.5 bhilliún an líon iomlán díbhinní a íocadh le deich mbliana anuas.

[1] Ní mór aon ghluaiseacht i luach margaidh ionstraimí airgeadais ar leith, lena n-áirítear na malartuithe rátaí úis atá nasctha le boilsciú dá dtagraítear thuas, a bheith le feiceáil sna ráitis airgeadais. I gcás malartuithe rátaí úis, is iad na hathruithe ó thaobh rátaí úis na margaí is cúis le gluaiseachtaí i dtaobh marcáil ón margadh. Is í an timpeallacht ráta úis íseal atá sa Ríocht Aontaithe faoi láthair is cúis leis an ngluaiseacht dhiúltach i ráiteas ioncaim na bliana 2014. Féach nóta 6 a ghabhann le ráitis airgeadais chun tuilleadh sonraí a fháil.

6.0% an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid (ROCE) a bhí ag ESB in 2014, toradh níos ísle ná 2013 (7.5%), agus ag teacht le meán 5.8% a bpiaraí san Eoraip.

**Custaiméirí**

Laghdaigh Electric Ireland, gnó soláthair ESB, a phraghsanna leictreachais do gach custaiméir le linn na ráithe deiridh de 2014, agus leanann le táirgí iomaíocha agus nuálacha a fhorbairt, lena n-áirítear táirge leictreach 'íoc-mar-a-úsáidtear' agus comhpháirtíocht le NEST a chuireann an Nest Learning Thermostat™ ar fáil do chustaiméirí.

Is ag Electric Ireland a bhí an ráta sásaimh custaiméirí ba airde (arna thomhas ag an CER) agus an meánráta dícheangail ba ísle i measc na dtrí príomhsholáthraithe leictreachais in 2014.

**Geilleagar na hÉireann**

Rinne ESB infheistíocht c.€700 milliún i mbonneagar fuinnimh ar fud na hÉireann le linn 2014.

Cuireann ESB os cionn €2 bhilliún in aghaidh na bliana le geilleagar na hÉireann trí dhíbhinní, infheistíocht, cánacha agus poist. Cuireann ESB fostaíocht shuntasach ar fáil go díreach, le 7,200 fostaí, agus go hindíreach trí chonraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse.

Is féidir Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais ESB a fháil anseo (URL).

**Críoch**